




**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment

# Ceisteanna Coitianta faoi *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*



## Réamhrá

Forbraíodh an cháipéis Ceisteanna Coitianta seo mar fhreagairt ar fhiosrúcháin agus ceisteanna tosaigh a fuair CNCM faoi *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige (2024)*. Déanfar nuashonrú agus athbhreithniú rialta ar an gcáipéis Ceisteanna Coitianta de réir mar a thiocfaidh tuilleadh ceisteanna isteach.

## Cé hiad CNCM?

Comhlacht reachtúil is ea an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a chuireann comhairle ar an Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus leis na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Tá tuilleadh eolais ar obair CNCM le fáil ar leathanach gréasáin 'Maidir linne' anseo:

<https://ncca.ie/ga/faoin-cncm/maidir-linne/>

## Céard é *Aistear* agus cén cuspóir atá leis?

D'fhoilsigh CNCM *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* den chéad uair in 2009. Ba é sin an chéad chreachuraclam le haghaidh oideachas luath-óige in Éirinn. Cuireadh eolas ar fáil ann le tacú leis an luathfhoghlaim agus luathfhorbairt. Mar gurb ionann an luath-óige agus tús turais foghlama a leanfaidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga ar feadh an tsaol, tugtar *Aistear* ar an gcreatchuraclam, focal eile ar thuras.

Thug CNCM *Aistear* cothrom le dáta in 2024. Cuireadh an nuashonrú i gcrích trí phróiseas taighde, comhairliúcháin, líonraithe agus plé. Foilsíodh an Creat nuashonraithe i mí na Nollag 2024.

Is é cuspóir *Aistear* nuashonraithe tacú le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Trína dhéanamh seo, is é a dhéanann *Aistear*:

- sainiúnn cad agus conas ba cheart do naíonáin, lapadáin agus leanaí óga a fhoghlaim trí churaclam atá bunaithe ar chearta, atá ag teacht chun cinn agus atá bunaithe ar fhiosrúchán a fhorbairt
- cuireann chun cinn comhpháirtíochtaí, comhoibriú agus ceangail le teaghlach agus pobal na naíonán, lapadán agus leanaí óga
- déanann naisc agus tacaíonn le leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na naíonán, lapadán agus leanaí óga ar feadh na luath-óige de réir mar a aistríonn siad ó shuíomh amháin go suíomh eile
- treoraíonn, feabhsaíonn agus síneann cuir chuige churaclaim reatha
- cuireann chun cinn féiniúlacht chultúrtha agus teanga na naíonán, lapadán agus leanaí óga uile ach ilchineálacht a dhearbhu agus tacú léi, lena n-áirítear cultúr agus stair agus scéal teanga na hÉireann.
- treoraíonn an cleachtas thar réimse de shuíomhanna, disciplíní agus gairmeacha, agus spreagann obair agus comhrá idirdhisciplíneach trí íomhá chomhroinnte den naíonán, lapadán agus leanbh óg.

## Cé dó a bhfuil *Aistear* ceaptha?

Is é *Aistear* an creatchuraclam do gach uile leanbh ó bhreith go sé bliana d'aois i ngach suíomh seachas bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Is féidir le gach duine a bhfuil spéis acu dul i ngleic leis an gCreat é a úsáid chun tacú le foghlaim agus forbairt na luath-óige. Áirítear anseo tuismitheoirí agus teaghligh, feighlithe linbh agus oideoirí luathbhlianta, ach níl sé teoranta dóibh.

## Cad is creatchuraclam ann?

Scafall is ea creatchuraclam d'fhorbairt curaclaim a chabhraíonn le hoideoirí pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar churaclam atá ag teacht chun cinn agus atá bunaithe ar fhiosrúchán agus faoi stiúir an linbh, agus a bhfuil súgradh agus caidrimh mar bhonn leis agus a bhaineann go sonrach lena gcomhthéacs féin.

## Cad is curaclam ann?

Is é an curaclam na heispéiris ar fad a bhíonn ag naíonáin, lapadáin agus leanaí óga sa timpeallacht taobh istigh agus amuigh faoin aer, eispéiris fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, phleanáilte agus neamhphleanáilte ina measc sin.

## Cén fáth ar nuashonraíodh *Aistear* (2009)?

Tugadh faoi nuashonrú ar an gCreat chun athruithe sochaíocha agus beartais a tharla ó foilsíodh an Creat bunaidh in 2009 a aithint agus a léiriú. Léirítear sa nuashonrú freisin taighde oideachais agus foghlaim nua maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn naíonáin, lapadáin agus leanaí óga agus an chaoi ar féidir le hoideoirí é sin a shaibhriú agus a spreagadh go cuí. Thug CNCM faoin nuashonrú seo lena chinntiú go leanann *Aistear* ag tacú le foghlaim naíonán, lapadán agus leanaí óga agus á saibhriú in Éirinn anois agus amach anseo.

## Cén próiseas a bhain le nuashonrú *Aistear*?

Déanann CNCM nuashonrú ar churaclaim trí phróiseas comhairliúcháin.

Rinneadh an próiseas a bhain le nuashonrú *Aistear* (2024) in dhá chéim:

- Thosaigh Céim 1 i mí na Bealtaine 2021 agus chríochnaigh sí i mí Aibreáin 2022. Díríodh í ar cheist a chur ar pháirtithe leasmhara, naíonáin, lapadáin, leanaí óga, tuismitheoirí agus oideoirí ina measc, faoin méid a bhí ag obair go maith in *Aistear*, agus faoi na moltaí a bhí acu faoin gcaoi a bhfeabhsófaí agus a nuashonrófaí é.
- Cuireadh tús le Céim 2 i mí Mheán Fómhair 2023, nuair a d'fhoilsigh CNCM [moltaí](#) le haghaidh *Aistear* nuashonraithe. Eagraíodh comhairliúchán chun aiseolas ar na moltaí a bhailiú ina dhiaidh sin, agus cuireadh i gcrích é i mí na Samhna 2023.

Chuir [athbhreithniú litríochta](#) (French agus McKenna, 2022) ar Théamaí *Aistear*, is iad sin Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht, buntaca faoin nuashonrú. Bhí [Tuarascáil Chomhairliúcháin Chéim 1](#) (CNCM, 2022) agus [Tuarascáil Chomhairliúcháin Chéim 2](#) (CNCM, 2024) mar threoir leis freisin. Agus go rithábhachtach, léiríodh

ann na torthaí ó na comhairliúcháin le naíonáin, lapadán agus leanaí óga le linn [Chéim 1](#) (O'Toole, Walsh, Kerrins, Doherty, Forde, Kelleher, McCartney, Stafford, Stokes, Matson agus Mooney 2023) agus le linn [Chéim 2](#) (O'Toole, Ward, Walsh, Stokes, McCartney, Forde, Doherty, agus Winter, 2024).

## Ar ghlac naíonáin, lapadán agus leanaí óga páirt sa chomhairliúchán?

Ghlac, mar a tharla le *Aistear* (2009), áiríodh tuairimí naíonán, lapadán agus leanaí óga sa chomhairliúchán. Áiríodh sna Moltaí torthaí na gcomhairliúchán le naíonáin, lapadán agus leanaí óga le linn [Chéim 1](#) (O'Toole et al., 2023). Áiríodh sa nuashonrú na torthaí maidir leis na hathruithe beartaithe ó [Chéim 2](#) (O'Toole et al., 2024). Díríodh sna príomhtheachtairéachtaí ó na páirtithe leasmhara tábhachtacha seo a cuireadh san áireamh ar an tábhacht a bhaineann le caidrimh agus idirghníomhaíochtaí, go háirithe le cairde agus idir na daoine fásta ina ndomhan sóisialta. Leag siad béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le spraoi agus eispéiris phraiticiúla agus go háirithe eispéiris allamuigh agus teagmháil agus cúram don domhan nádúrtha.

## Cén áit is féidir liom Creat *Aistear* a léamh?

Féadfaidh tú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* a léamh [anseo](#).

## Cén uair a chuirfear Creat *Aistear* (2024) i bhfeidhm?

Tar éis é a sheoladh in 2024 beidh tréimhse bliana inar féidir le páirtithe leasmhara eolas a chur ar na nuashonruithe ar *Aistear*. Táthar ag dréim leis go dtosófar ag cur *Aistear* (2024) i bhfeidhm go foirmiúil i suíomhanna ar nós réamhscoileanna agus suíomhanna cúraim lae iomláin ó mhí Mheán Fómhair 2025. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbunaítear nuashonruithe ar *Aistear* ar an gCreat bunaidh ar bunchloch láidir é chun eolas maidir le foghlaim agus forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga a bhreisiú.

## Céard iad na príomh-nuashonruithe in *Aistear* (2024)?

Áirítear ar na príomh-nuashonruithe:

- béim athnuaithe ar chearta naíonán, lapadán agus leanaí óga, agus meas a bheith orthu mar dhaoine gníomhaíocha, inniúla, muiníneacha. Is ionann gníomhaíoch agus guth agus tionchar a bheith acu ar a gcuid foghlama féin.
- tuiscint ar inbhuanaitheacht i ndáil le naíonáin, lapadán agus leanaí óga a chothú chun aire a thabhairt dóibh féin, do dhaoine eile agus don timpeallacht
- ceiliúradh ar éagsúlacht shochoaí chomhaimseartha na hÉireann agus tacaíocht d'ionchuimsiú bríoch agus rannpháirtíocht naíonán, lapadán agus leanaí óga
- béim athnuaithe ar chaidrimh a bheith i gcoirilár na foghlama agus na forbartha, tá luach ar chairdis, agus cothaítear idirghníomhaíochtaí idir naíonáin, lapadán, leanaí óga, oideoirí, teaghlaigh, pobail agus timpeallachtaí foghlama
- cultúr agus stair na hÉireann a leabú in *Aistear* trí fhocail agus frásaí Gaeilge a úsáid le cuidiú le naíonáin, lapadán, leanaí óga, a dteaghlaigh agus oideoirí a nascadh le teanga agus oidhreacht na hÉireann.

## Ar athraigh struchtúr *Aistear* go suntasach sa nuashonrú?

Tá struchtúr *Aistear* fós cosúil leis an leagan bunaidh inar áiríodh Prionsabail agus Téamaí mar aon le *Treoirínite don Dea-Chleachtas*. Tá struchtúr den saghas céanna sa nuashonrú ina n-áirítear Fís, Cuspóir, Prionsabail agus Téamaí mar aon leis na *Treoirínite don Dea-Chleachtas*. Léirítear sa tábla thíos struchtúr agus ábhar Chreat bunaidh *Aistear* mar aon leis an gCreat nuashonraithe.

<b><i>Aistear</i> (2009)</b>	<b><i>Aistear</i> (2024)</b>
<b>Réamhrá</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuspóir</li> </ul>	<b>Réamhrá</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Fís</li> <li>Cuspóir</li> </ul>
<b>12 Phrionsabal na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha arna gcur i láthair i dtrí ghrúpa:</b> <p>Páistí agus an saol le linn na luath-óige:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Indibhidiúlacht an pháiste</li> <li>Comhionannas agus Éagsúlacht</li> <li>Páistí ina Saoránaigh</li> </ul> <p>Na gaolta atá ag páistí le daoine eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Caidrimh</li> <li>Tuismitheoirí, Teaghlach agus an Pobal</li> <li>Ról an Duine Fhásta</li> </ul> <p>An chaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch</li> <li>Foghlaim Ghníomhach</li> <li>Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla</li> <li>Eispéiris Iomchuí Shuntasacha</li> <li>Cumarsáid agus Teanga</li> <li>An Timpeallacht Foghlama</li> </ul>	<b>Naoi bPrionsabal na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Saoránaigh Ghníomhaíocha Dhomhanda</li> <li>Ilchineálacht, Cothromas agus Ionchuimsiú</li> <li>Caidrimh agus Idirghníomhaíochtaí</li> <li>Teaghlach agus Pobal</li> <li>Oideoirí Gníomhaíocha</li> <li>Aistrithe</li> <li>Foghlaim agus Forbairt Iomlánaíoch</li> <li>Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla</li> <li>Timpeallachtaí Foghlama</li> </ul>
<b>Téamaí</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Folláine</li> <li>Féiniúlacht agus Muintearas</li> <li>Cumarsáid</li> <li>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</li> </ul>	<b>Téamaí</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Folláine</li> <li>Féiniúlacht agus Muintearas</li> <li>Cumarsáid</li> <li>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</li> </ul>

## Cad é is cuspóir do na *Treoirínite don Dea-Chleachtas*?

Tá na *Treoirínite don Dea-Chleachtas* mar thaca leis an gCreat nuashonraithe. Tacaíonn an treoir le hoideoirí chun tuiscint a fháil ar an bhFís, na Prionsabail agus na Téamaí sa Chreat nuashonraithe, agus a bheith ag plé leo. Mar a rinneadh sna *Treoirínite le haghaidh Dea-Ghnáis* (CNCM, 2009), déantar cur síos sa Treoir ar an dea-chleachtas agus cuirtear le roinnt de na smaointe tábhachtacha a tugadh isteach sa Chreat nuashonraithe. Léirítear sa tábla thíos struchtúr agus ábhar na d*Treoirínite* bunaidh (2009) mar aon leis an Treoir nuashonraithe (2024).

<b>Treoirínite don Dea-Chleachtas (2009)</b>	<b>Treoirínite don Dea-Chleachtas (2024)</b>
Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí	Tacú le foghlaim agus forbairt trí chomhpháirtíochtaí agus naisc

Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta	Tacú le foghlaim agus forbairt trí chaidrimh agus idirghníomhaíochtaí
Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha	Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe	Tacú le foghlaim agus forbairt trí thimthriall machnamhach na pleanála agus an mheasúnaithe
	Tacú le foghlaim agus forbairt trí chur chuige bunaithe ar chearta

## Céard iad na tacaíochtaí a chuirfidh CNCM ar fáil d'oideoirí chun tacú leo an *Aistear* nuashonraithe a thuiscint?

Beidh ábhar tacaíochta ar fáil, mar aon leis an gCreat agus an Treoir nuashonraithe, [anseo](#). Is é an cuspóir a bheidh leis an ábhar tacú le forbairt cumais, tuiscint agus eolas ar *Aistear* (2024) i measc páirtithe leasmhara córais. Beidh an taighde ann atá mar bhuntaca le *Aistear* (2024) mar aon le faisnéis a mhíníonn an t-ábhar atá in *Aistear* (2024).

Tá na hacmhainní a leanas ar fáil faoi láthair agus cuirfear tuilleadh ábhar ar fáil amach anseo.

- Físeán eolais maidir le *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*
- Físeán maidir le Prionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha in *Aistear*

## An mbeidh tionchar ag *Aistear* nuashonraithe ar an ailíniú le *Síolta*?

Ba cheist thábhachtach é an caidreamh idir *Aistear* agus *Síolta*, an dá chreat náisiúnta do sholáthar luath-óige sa phróiseas nuashonraithe agus tá fócas go fóill ar ailíniú agus sineirge idir an dá chreat. Treoróidh Treoir Chleachtas *Aistear Síolta* oideoirí chuige sin.

## An mbeidh tionchar ag *Aistear* nuashonraithe ar ailíniú Threoir Chleachtas *Aistear Síolta*?

Is uirlis ar líne í Treoir Chleachtas *Aistear Síolta* le tacú chun *Aistear* agus *Síolta* a chur i bhfeidhm. Tá sí á nuashonrú faoi láthair chun na nuashonruithe ar *Aistear* (2024) a léiriú. Cuirfidh an Creat agus an Taighde atá mar bhuntaca leis bonn eolais faoi fhorbairt acmhainní nua ar an Treoir Chleachtas.

## Cén gaol atá idir *Aistear* (2024) agus *Creatchuraclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais, 2023)*?

Mar thoradh ar an gclár Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (ECCE), mar aon le *Síolta* agus *Aistear*, tháinig athrú ar an taithí a fhaigheann leanaí sula dtéann siad chuig an mbunscoil. Cruthaíonn na hathruithe sin comhthéacs nua do thaithí na leanaí i seomraí ranga na naíonán sóisearach agus naíonán sinsearach. Cé gur d'earnáil na luath-óige a bheidh *Aistear* (2024) agus do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta a bheidh *Creatchuraclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais, 2023)*, tá an péire ailínithe chun tacú le leanúnachas agus dul chun cinn gach linbh agus iad ag aistriú ón

réamhscoil go dtí bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá an t-ailíniú sin le feiceáil go háirithe i bPrionsabail na Luathfoghlaama agus na Luathfhorbartha in *Aistear* agus i bPrionsabail na Foghlama, an Teagaisc agus an Mheasúnaithe i *gCreatchuraclam na Bunscoile (2023)*. Tá an t-ailíniú sin le feiceáil freisin san fhócas sa dá chreat ar oideolaíocht súgartha.

## Céard faoi *Aistear (2009, 2024)* agus cigireachtaí na Roinne Oideachais?

Tá an Chigireacht Oideachais Luathbhlianta (EYEI) bunaithe ar chreat cáilíochta bunaithe ar phrionsabail *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige (2009)*.

Ceanglaítear i *Réimse 2: Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus forbairt na leanáí go mbíonn *Aistear* mar bhonn don soláthar. Léiríonn ceann de na comharthaí cleachtais an gá atá le curaclam a bhfuil bonn leathan aige, agus an Creatchuraclam mar bhonn eolais aige, agus é á úsáid chun tacú le foghlaim agus le forbairt naíonán, lapadán agus leanáí óga. Meastar go dtarlóidh sé sin leis an gCreat nuashonraithe.*



**NCCA**

An Chomhairle Náisiúnta  
Curaclaim agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and Assessment